Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**14005/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0321 (NLE)**

**ENER 527**
**ENV 1016**
**RELEX 1294**
**COWEB 118**
**COEST 749**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 636 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh chun raon feidhme an Chonartha a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú i gcomhréir le héabhlóid dhlí comhshaoil an Aontais. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 636 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 636 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.10.2025
COM(2025) 636 final

2025/0321 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh chun raon feidhme an Chonartha a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú i gcomhréir le héabhlóid dhlí comhshaoil an Aontais.**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle leis an togra atá le tíolacadh thar ceann an Aontais agus atá le formheas le vóta an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh chun raon feidhme an Chonartha sin a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú i gcomhréir le éabhlóid dhlí comhshaoil an Aontais.

Is é seo a leanas an *acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaol lena mbaineann an togra seo: Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa maidir le héin fhiáine a chaomhnú[1], Treoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine[2], Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce[3], Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath[4], Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce[5] agus Treoir 2009/90/CE ón gCoimisiún lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla maidir le hanailís cheimiceach agus faireachán a dhéanamh ar stádas an uisce[6].

Tá sé beartaithe an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a chur i láthair i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh lena ghlacadh ag an gcomhlacht sin an 18 Nollaig 2025 ag an gcruinniú a bheidh aici i Vín na hOstaire. Roimh an gcruinniú sin, an 17 Nollaig 2025, tiocfaidh Buanghrúpa Ardleibhéil an Chomhphobail Fuinnimh le chéile, i Vín freisin, chun na míreanna a ghlacfaidh an Chomhairle Aireachta a phlé agus a fhormhuiniú

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Conradh an Chomhphobail Fuinnimh

Is é is aidhm do Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh[7] ('CCF' nó 'Conradh') creat cobhsaí rialála agus margaidh chomh maith le spás aonair rialála le haghaidh trádáil i bhfuinneamh an líonra a chruthú trí na codanna comhaontaithe *d'acquis communautaire* an Aontais maidir le fuinneamh a chur chun feidhme sna Páirtithe neamh-AE. Tháinig Conradh an Chomhphobail

---

1 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj).

2 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine *(IO L 206, 22.7.1992, lch. 7*, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj*)*.

3 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj).

4 Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath (*IO L 372, 27.12.2006, lch. 19,* ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/118/oj*)*.

5 Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *(IO L 348, 24.12.2008, lch. 84,* ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/105/oj*)*.

6 Treoir 2009/90/CE ón gCoimisiún an 31 Iúil 2009 lena leagtar síos, de bhun Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, sonraíochtaí teicniúla maidir le hanailís cheimiceach agus faireachán a dhéanamh ar stádas an uisce (IO L 201, 1.8.2009, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/90/oj).

7 IO L 198, an 20.7.2006, lch. 18.

Fuinnimh i bhfeidhm an 1 Iúil 2006. Is páirtí é an tAontas Eorpach i CCF[8]. Tagraítear do na naoi bPáirtí neamh-AE mar 'Pháirtithe Conarthacha' i CCF.

Ceann d'aidhmeanna Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh is ea 'feabhas a chur ar staid an chomhshaoil i ndáil le Fuinneamh Eangach-Cheangailte agus éifeachtúlacht fuinnimh ghaolmhar, úsáid fuinnimh in-athnuaite a chothú, agus na coinníollacha don trádáil fuinnimh sa spás rialála aonair a leagan amach' (Conradh an Chomhphobail Fuinnimh, Airteagal 2 (1. (d)).

Le Conradh an Chomhphobail Fuinnimh (Airteagal 12), ceanglaítear ar gach Páirtí Conarthach an *acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaol a chur chun feidhme i gcomhréir leis an amchlár le haghaidh chur chun feidhme na mbeart sin a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gConradh. Liostaítear in Airteagal 16 den Chonradh an *acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaol chun críche an Chonartha.

Foráiltear le hAirteagal 25 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh go bhféadfaidh an Comhphobal Fuinnimh bearta a dhéanamh chun leasuithe ar an *acquis communautaire* a leagtar amach i dTeideal II a chur chun feidhme, i gcomhréir le forbairt dhlí an Aontais Eorpaigh. Foráiltear le hAirteagal 79 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh go ndéanfaidh an Chomhairle Aireachta, an Buanghrúpa Ardleibhéil nó an Bord Rialála Bearta faoi Theideal II ar thogra ón gCoimisiún Eorpach. De bhun Airteagail 81 agus 82 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, déanfar na bearta sin le tromlach na vótaí a chaitear, agus vóta amháin ag gach Páirtí Conarthach. Foráiltear le hAirteagal 100 den Chonradh *inter alia* go ndéanfar cinntí maidir le leasuithe ar fhorálacha Theidil I go VII d'aon toil Chomhaltaí Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh.

## 2.2. An Chomhairle Aireachta, an Buanghrúpa Ardleibhéil

Áirithíonn an Chomhairle Aireachta go ndéanfar na cuspóirí a leagtar amach i gCCF a bhaint amach. Ar an gComhairle Aireachta tá ionadaí amháin ó gach Páirtí Conarthach agus beirt ionadaithe ón Aontas. De bhun Airteagal 47 de CCF soláthraíonn sí treoirlínte ginearálta beartais, déanann sí bearta (Cinntí nó Moltaí) agus glacann sí gníomhartha nós imeachta. Bíonn vóta amháin ag gach Páirtí agus gníomhaíonn an Chomhairle Aireachta de réir rialacha vótála éagsúla ag brath ar an ábhar. Tá an tAontas Eorpach ar cheann de na deich bPáirtí agus tá vóta amháin aige, i gcás inarb infheidhme, de réir an ábhair lena mbaineann. De bhun Airteagal 78 de CCF, ní fhéadfaidh an Chomhairle Aireachta gníomhú ach amháin má dhéantar ionadaíocht thar ceann dhá thrian de na Páirtithe. Ní áirítear staonadh i vóta mar vótaí a chaitear.

Is fochomhlacht de chuid na Comhairle Aireachta é an Buanghrúpa Ardleibhéil. De bhun Airteagal 53(a) de CCF, ullmhaíonn sé obair na Comhairle Aireachta, lena n-áirítear a clár oibre agus a gníomhartha atá le glacadh ag an gComhairle Aireachta. Sa Bhuanghrúpa Ardléibhéil tá ionadaí amháin ó gach Páirtí Conarthach agus beirt ionadaithe ón Aontas. Tá vóta amháin ag an Aontas Eorpach. De bhun Airteagal 78 de CCF, ní fhéadfaidh an Buanghrúpa Ardleibhéil gníomhú ach amháin má dhéantar ionadaíocht thar ceann dhá thrian de na Páirtithe. Ní áirítear staonadh i vóta mar vótaí a chaitear.

## 2.3. An gníomh atá beartaithe ón gComhairle Aireachta

Is é is cuspóir don chinneadh atá beartaithe faoi Airteagal 192(1) CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, leasuithe ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh a mholadh, thar ceann an Aontais, do Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh chun raon feidhme an Chonartha a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú chuig

[8] IO L 198, an 20.7.2006, lch. 15.

éabhlóid dhlí comhshaoil an Aontais chomh maith le vótáil ar an togra seo thar ceann an Aontais.

Baineann an togra seo le haghaidh Cinnidh leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir leis an ngníomh seo a leanas atá beartaithe ag an gComhairle Aireachta arb é is aidhm dó raon feidhme Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú chuig éabhlóid dhlí comhshaoil an Aontais: 'Cinneadh ó Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh maidir le Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a leasú trí Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héin fhiáine a chaomhnú a chur lena chreat dlíthiúil; Treoir ón gComhairle 92/43/CEE maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine agus Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce in éineacht lena Treoracha ar Leith: Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath, Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce agus Treoir 2009/90/CE ón gCoimisiún lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla maidir le hanailís cheimiceach agus faireachán a dhéanamh ar stádas an uisce.'

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Trí reachtaíocht chomhshaoil nua a ionchorprú i gConradh an Chomhphobail Fuinnimh, leathnóidh an tAontas Eorpach cuid dá bheartais chomhshaoil chuig Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh. Rachaidh sé sin chun tairbhe do gheilleagar, do chomhshaol agus do shochaithe na bPáirtithe Conarthacha. Ina theannta sin, éascófar ullmhacht na bPáirtithe Conarthacha le haghaidh a gcaibidlíochta aontachais maidir leis na saincheisteanna a bhaineann le Caibidil 27 den *acquis communautair*e, an Comhshaol agus an t-athrú aeráide, ach a gcuirtear san áireamh iad.

Le Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú, foráiltear maidir le bearta chun daonra na speiceas éan uile a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin a chothabháil. Féadfar a áireamh ar na bearta sin gnáthóga a chothabháil agus/nó a athbhunú chun na daonraí éan sin a chothú.

Le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine, soláthraítear cur chuige struchtúrtha chun tionchair chomhshaoil a mheasúnú agus a mhaolú, lena n-áirithítear go bhforbraítear tionscadail fuinnimh in-athnuaite i gcomhréir le spriocanna bithéagsúlachta.

Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath, Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce agus Treoir 2009/90/CE ón gCoimisiún an 31 Iúil 2009 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla maidir le hanailís cheimiceach agus faireachán a dhéanamh ar stádas an uisce — sainordaítear leis na Treoracha seo measúnuithe cuimsitheacha a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar éiceachórais uisce, rud a chuidíonn le haon éifeacht dhiúltach ar ghnáthóga uisceacha agus ar an mbithéagsúlacht a shainaithint agus a mhaolú.

Tríd an Treoir maidir le Gnáthóga, an Treoir maidir le hÉin agus an Treoir Réime maidir le hUisce a ionchorprú i dTreoracha ar Leith Pháirtithe Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, is féidir a áirithiú go ndéantar tionscadail fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear hidreachumhacht, a dhearadh agus a chur chun feidhme ar bhealach a chosnaíonn acmhainní uisce agus bithéagsúlacht araon. Tá dlúthnasc idir na Treoracha breise sin freisin agus na Treoracha maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol agus maidir le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil, atá mar chuid den *acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaol de chuid Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh cheana féin, lena n-áirithítear cur chuige cuimsitheach i leith measúnuithe comhshaoil. Beidh cuimsiú na dTreoracha breise sin ina chuidiú freisin i gcur chun feidhme Threoir (AE) 2023/2413 (an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite III (an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite III athbhreithnithe)), go háirithe i bhfianaise fhorbairt criosanna luasghéaraithe a d'fhéadfadh a bheith ann.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe Conarthacha i gcomhréir le hAirteagail 25, 79 agus 100 (i) de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh laistigh de na sprioc-amanna a shonraítear in Iarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh ó Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh. Bheadh dlúthbhaint ag na leasuithe atá beartaithe leis an *acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaol a luaitear faoi Airteagal 16 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh.

## 4. AN BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) CFAE déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe'[9].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Na gníomhartha a n-iarrtar ar an gComhairle Aireachta agus ar Bhord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh iad a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Beidh na gníomhartha atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 76 CCF, a bhfuil cinneadh ceangailteach ó thaobh dlí dá mbun orthu siúd chuig a ndírítear é.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach CCF a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá

9

chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

*4.2.3. Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhshaol.*

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 192(1) CFAE ba cheart a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2025/0321 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh chun raon feidhme an Chonartha a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú i gcomhréir le héabhlóid dhlí comhshaoil an Aontais.

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh Conradh an Chomhphobail Fuinnimh san Aithin i mí Dheireadh Fómhair 2005 agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Iúil 2006. Faoi láthair, tá an Comhphobal Fuinnimh comhdhéanta den Aontas (a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann) agus de 9 dtír chomharsanacha[10].

(2) Le hAirteagal 12 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, ceanglaítear ar gach Páirtí Conarthach an *acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaol a chur chun feidhme i gcomhréir leis an amchlár le haghaidh chur chun feidhme na mbeart sin a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gConradh sin.

(3) In Airteagal 16 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh liostaítear an *acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaol, a chumhdaítear leis an gConradh sin.

(4) Foráiltear le hAirteagail 24 agus 25 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh maidir le bearta a bhaineann le hoiriúnú agus éabhlóid an *acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaol.

(5) Le hAirteagal 79 den Chonradh foráiltear go ndéanfaidh an Chomhairle Aireachta, an Buanghrúpa Ardleibhéil nó an Bord Rialála Bearta faoi Theideal II ar thogra ón gCoimisiún Eorpach. De bhun Airteagail 81 agus 82 den Chonradh, déanfar na bearta sin le tromlach na vótaí a chaitear, agus vóta amháin ag gach Páirtí Conarthach.

(6) Foráiltear le hAirteagal 100 den Chonradh *inter alia* go ndéanfar cinntí maidir le leasuithe ar fhorálacha Theidil I go VII d’aon toil Chomhaltaí Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh.

(7) Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héin fhiáine a chaomhnú[11], Treoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le caomhnú gnáthóg

[10] An Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv*, an Mhacadóin Thuaidh, an tSeoirsia, an Mholdóiv, Montainéagró, an tSeirbia agus an Úcráin.

[11] Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj).

nádúrtha agus fána agus flóra fiáine[12], Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce[13], in éineacht le Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath[14], Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce[15] agus Treoir 2009/90/CE ón gCoimisiún lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla maidir le hanailís cheimiceach agus faireachán a dhéanamh ar stádas an uisce[16]. Dá bhrí sin, níl sé d'oibleagáid ar na Páirtithe Conarthacha go fóill forálacha na dTreoracha sin a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe dlí comhshaoil an Aontais a leathnú faoi raon feidhme Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh trí na Treoracha sin a chur leis.

(8) Chun aistriú fuinnimh cóir a áirithiú lena ráthaítear comhthairbhí don bhithéagsúlacht agus lena seachnaítear meathlú ar stádas caomhantais speiceas éan fiáin, is gá Airteagal 16 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh a leasú tríd an tagairt d'Airteagal 4(2) de Threoir 79/409/CEE ón gComhairle a thabhairt cothrom le dáta agus trí Threoir 2009/147/CE a chur le liosta an *acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaol chun críocha Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh.

(9) Foráiltear le Treoir 92/43/CEE maidir le cur chuige struchtúrtha chun measúnú agus maolú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil na dtionscadal fuinnimh a thagann faoi raon feidhme Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh ar an mbithéagsúlacht agus, in éineacht le Treoir 2009/147/CE, is í an phríomhuirlis dhlíthiúil i ndlí an Aontais le haghaidh chur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais a eascraíonn faoi Choinbhinsiún Bheirn maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa.

(10) I bhfianaise an ghá atá ann foráil a dhéanamh maidir le measúnuithe cuimsitheacha ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na tionscadail fuinnimh ar éiceachórais uisce laistigh de raon feidhme Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, is gá do na Páirtithe Conarthacha a áirithiú go ndéanfar gach gníomhaíocht a bhaineann le Fuinneamh Eangach-Cheangailte a dhearadh agus a oibriú chun a áirithiú go gcomhlíonfar Treoir 2000/60/CE, agus go háirithe Airteagal 4, ina leagtar amach príomhchuspóirí na Treorach sin, lena mbunaítear go bhfuil na Ballstáit leis na bearta is gá a chur chun

---

12 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine *(IO L 206, 22.7.1992, lch. 7*, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj*)*.

13 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj).

14 Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath (*IO L 372, 27.12.2006, lch. 19,* ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/118/oj*)*.

15 Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/105/oj).

16 Treoir 2009/90/CE ón gCoimisiún an 31 Iúil 2009 lena leagtar síos, de bhun Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, sonraíochtaí teicniúla maidir le hanailís cheimiceach agus faireachán a dhéanamh ar stádas an uisce (IO L 201, 1.8.2009, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/90/oj).

feidhme chun meathlú ar stádas dobharlach a chosc agus bearta a dhéanamh arb é is aidhm dóibh dea-stádas uisce a bhaint amach, gan dochar do theorainneacha ama áirithe agus do dhíolúintí eile.
Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún, thar ceann an Aontais, a mholadh Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a leasú mar a leagtar amach sa Chinneadh seo (féadfar plé a dhéanamh gan Cinneadh Airteagal 218(9)) agus ba cheart don Choimisiún, thar ceann an Aontais, vótáil i bhfabhar an togra ag cruinniú na Comhairle Aireachta atá beartaithe don 18 Nollaig 2025.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear don Choimisiún an togra a áirítear in Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur faoi bhráid Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh chun an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh a leasú dá réir chun raon feidhme an Chonartha a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú agus éabhlóid dhlí comhshaoil an Aontais á cur san áireamh.

*Airteagal 2*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinniú Chomhairle Aireachta an Fhuinnimh an 18 Nollaig 2025 tacú le glacadh an togra le haghaidh leasuithe ar Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh mar a áirítear in Iarscríbhinní I, II agus III.

*Airteagal 3*

Féadfaidh ionadaithe an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh mionathruithe ar an gcinneadh sin a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*